Scéal Naomh Iarfhlaith, Naomh Phátrún Ard Dheoise Thuama

Is fada an lá an t-ainm Iarfhlaith comhcheangailte le baile, paróiste agus ard dheoise Thuama.

Céarbh é Iarlaith?

De réir an tradisiúin rugadh Iarfhlaith thart ar 445 agus fuair sé bás thart ar 550 A.D. Bhí sé ag staidéar faoi stiúir N. Beannán i gCill Bheannáin (Séipéal Bheannáin). Chaith sé tréimhse ar Oileáin Árainn freisin ag staidéar faoi stiúir N. Éinde, a raibh cáil abhus agus thall air de bharr a chríonnacht agus a eagna.

Bhunaigh Iarfhlaith a mhainistir féin i gCluain Fois, atá ar thaobh na Gaillimhe de Thuaim. (thart ar an áit a bhfuil garáiste Al Hayes sa lá atá inniu ann.

Scaip a cháil mar mhúinteoir i bhfad is i gcéin agus is iomaí cuairteoir iomráiteach a chaith roinnt ama i gCluain Fois. Ina measc bhí N. Breandán as Ciarraí (Breandán, an Loingseoir) agus N. Colmán as Cluain, Co. Chorcaí)

Dúirt N. Breandán nach gcríochnódh Iarfhlaith a chuid laethanta i gCluain Fois agus, in aineoinn go raibh sé amach sna blianta, go raibh air "*suí ar a vaigín*" agus cibé áit a mbriseadh roth an vaigín gur ann *"a bheadh láthair a aiséirí agus aiséirí mórán eile ar lá an Luain"*

Mar sin nuair a shroich Iarfhlaith Tuaim, an áit ar thit an roth den vaigín, bhunaigh sé a scoil nua ann.

Sé chéad bliain níos deireanaí, bhí an mhainistir seo mar cheartlár Ard Dheoise Thuama

Ó shoin, tá an roth briste mar shiombal de N. Iarfhlaith i dTuaim agus is é an suaitheantas (lógó) é do Choláiste Iarlaith, láthair cáiliúil oideachais le os cionn 200 bliain.

Ar an lógó feicimid Ardchrois Thuama, roth briste N. Iarfhlaith agus samhaltán den Spiorad Naomh

agus na focail "Tar, Solas ár gCroíthe"